# Nuachtlitir na Míosa

## Mí: Bealtaine 2023

**Imeachtaí agus dátaí tábhachtacha /**

*Events and important dates*

| **Imeacht** / *Event* | **Dáta** | **Ranganna / Múinteoirí** |
|---|---|---|
| **Leath Lá - Creat Curaclaim Nua na Bunscoile** / *Half day - New Primary Curriculum Framework* | 26.05.2023 | **11:50:** Naí Bheaga & Mhóra<br>**12:00:** R1 – R6 |

**Meabhrúcháin /**

*Reminders*

- **Suíomh na Scoile** / *School website*

  **Cuirtear gach eolas bainteach leis an scoil ar shuíomh greasáin na scoile an t-am ar fad. Úsáidtear an tab Féilire ag www.gsmnc.ie chun an nuacht is déanaí a roinnt libh maidir le dátaí tabhachtacha le cur i bhur ndialann, leath laethanta & laethanta gan éide scoile srl.**

  *All information pertaining to the school is continually being added to the school website. The Féilire / Calendar tab at www.gsmnc.ie is used to update you of any important dates for your diaries, half days and non uniform days etc*

- **Clárú Naíonáin Bheaga MF 2023** / *Registration of Junior Infants September 2023*

  **Ba chóir do gach páiste atá le bheith ag tosnú sa Ghaelscoil a bheith cláraithe linn faoin dtráth seo. Muna bhfuil siad, tá sé ríthabhachtach dul i dteangmháil le Fíona san oifig láithreach.**

  *All infant children commencing in the Gaelscoil should be registered by now. If you have not done so, please contact Fíona in the office immediately.*

- **Cuairt scoile - Naíonáin Bheaga MF 2023** / *School Visit - Junior Infants September 2023*

  **Tá Céadaoin, an 14ú Meitheamh, beartaithe mar an lá go mbeidh fáilte roimh Naíonáin Bheaga 2023/24 teacht ar cuairt ar feadh uair go leith ó 1:30 - 3:00. Bheimís buíoch dos na tuistí i ranganna Naíonáin Bheaga Cáit, Niamh agus Tara a bpáistí a bhailiú @ 1:00 a chlog ar 14ú Meitheamh chun an deis a thabhairt dúinn an lá seo a eagrú.**

  *Wednesday, the 14th of June, has been chosen as the day to welcome all junior infant children commencing in the Gaelscoil in September 2023 to visit the school for an hour and a half from 1:30 -3:00. We would kindly ask the parents of the current junior infants in Múinteoir Cáit, Niamh & Tara's classes to collect their children @ 1:00pm on the 14th of June to allow us to facilitate this visit.*

- **Párcáil mórthimpeall na scoile** / *Parking around the school environs.*

  ***Impímíd oraibh smaoineamh ar ár gcomharsain ar fad mórthimpeall na scoile agus gach iarracht a dhéanamh carrchlós na dtuistí a úsáid i dteannta leis na pointí scaoileadh síos chomh minic is gur féidir. Le bhur dtoil na bígí ag cur isteach ar bhealaí amach agus isteach an láthair nó aon eastáit mórthimpeall orainn. Tá roinnt den phárcáil atá idir lámha faoi láthair ag cur isteacht ar na cónaithe mórthimpeall na scoile. Tá sé ríthábhachtach nach mbeidh aon bhac ar na bealaí éigeandála chuig an láthair nó na eastáit mórthimpeall orainn. Bheimís fíor bhuíoch as bhur gcomhoibriú.***

  *We kindly ask you to be mindful of all our neighbours and to use the parents' car park and the drop-off points as much as possible. Please refrain from parking close to the site, the entrance and exit points to the site and the surrounding estates during drop-off and pick-up times. Our neighbours and the residents have been adversely impacted by some inconsiderate current parking practices. It is most important that the entrance and exit points to the site and the neighbouring estates remain free at all times to ensure emergency vehicles have access. Your co-operation in this matter is much appreciated.*

| | |
|---|---|
| **Meabhrúcháin /** *Reminders* | • **Cur i gcuimhne ó Allianz** / *A reminder from Allianz*<br><br>**Tá Allianz tar éis impí orainn a chur i gcuimhne do thuistí agus pobal na scoile go rialta go gcaithfidh feitheoireacht chuí a bheith déanta ar pháistí fad is atá siad ar láthair na scoile agus imithe ó chúram na múinteoirí. Ar bhonn árachais níl sé ceadaithe do pháistí a bheith san Astro, sna cúirteanna nó ar láthair na scoile @1:40 nó 2:40 gan múinteoirí ranga nó traenálaithe i láthair**<br><br>*Allianz, our insurers, have advised us to regularly remind parents and the school community that children need to be supervised at all times when on the school grounds and are no longer in the care of the teachers. For insurance purposes, children are not permitted on the Astro, the courts or anywhere else on the school site @1:40 or 2:40 unless they are being supervised by teachers or trainers.*<br><br>• **Bailiúchán na mBróg** / *In My Shoes Campaign*<br><br>**Mar is eol daoibh, ón mí seo caite táimid ag glacadh páirte san fheachtas 'In My Shoes'. Tá an dáta ar son bailiúchán bróga reatha dara láimhe sínithe amach acu go dtí Céadaoin an 3ú lá de mhí Bealtaine.**<br><br>*As you are aware from last months newsletter, the school is participating in this year's 'In My Shoes' campaign. This campaign to collect second-hand runners, soccer/GAA boots, and other sports shoesas has been extended until the 3rd of May.* |
| **Nótaí eile** / Other notes | • **Síntiús Scoile ar son Trócaire** / *School contribution to Trócaire*<br><br>**Comhghairdeas le Rang a Cúig Niamh as ucht €300 a bhailiú ar son Trócaire le linn an Charghais. Táimid ana bhródúil as ucht a gcuid iarrachtaí agus as ucht luachanna na scoile a chur chun cinn. Chomh maith le sin thug an scoil síntiús €200 do Thrócaire chomh maith ón airgead nach raibh caite ar uibheacha Cásca le linn seachtain na Gaeilge.**<br><br>*Congratulations to Niamh's 5th class who collected €300 during the Trócaire Box Lenten appeal. We are very proud of their efforts and to see them displaying the school values. The school also donated €200 to Trócaire in lieu of the Easter eggs that were not purchased during Seachtain na Gaeilge.*<br><br>• **Clár Vaicsín Naíonáin Bheaga** / *Junior Infants Vaccination Programme*<br><br>**Tá banaltra ón Roinn Sláinte le bheith i halla na scoile ar Luan an 15ú. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil nuair atá sé againn.**<br><br>*The HSE school nurse will be present in the school hall on Monday 15th*. We will update you once we have received more information from the HSE.<br><br>• **Seachtain Náisiúnta na Rothar**/ *National Bike Week*<br><br>**Ar Chéadaoin an 17ú, tá sé beartaithe go mbeidh páistí ó NB - R6, tuistí & múinteoirí ag rothaíocht ar scoil @8:05 – 9:00 ar son Seachtain Náisiúnta na Rothar. Beidh múinteoirí ar fáil ar son feitheoireachta le R1 - R6. Caithfidh tuistí Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra a bheith i láthair leo. Beidh ar aon pháiste atá ag rothaíocht clogad a chaitheamh ar an lá. Cuirfear tuileadh eolais ar fáil níos giorra don am.**<br><br>*On Wednesday the 17t,h it is intended that children, parents and teachers will be cycling to school @8:05 – 9:00 for National Bike Week. Teachers will be present to supervise children from 1st - 6th class. Junior and Senior Infant children will have to accompanied by their parents. Any children participating in the cycle must wear a helmet. We will provide more information closer to the date.*<br><br>• **Comórtas Óráide R6** / *6th Class Oration Competition*<br><br>**Bhí dáta comórtas Óráide R6 curtha ar athló go Déardaoin, an 11ú Bealtaine. Tá an-obair curtha isteach ag na páistí agus guímid gach rath orthu. Ár mbuíochas le** |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile** / Other notes | **múinteoirí R6 Katie & Antoinette agus an múinteoir drámaíochta, Shevaun, a d'ullmhaigh iad don ócáid. Beimid ag fanúint le scéala ós na moltóirí.**<br><br>*The 6th class public speaking competition was rescheduled and is now taking place on Thursday the 11th. The children have worked hard since the start of the year and we wish them all well. Many thanks to Katie and Antoinette as well as Shevaun, the drama teacher, for helping them to prepare for the occasion. We await the judges' decisions with anticipation.*<br><br>• **Merck - Veain Uachtar Reoite** / *Merck - Icecream Van*<br><br>**Tá an comhlacht Merck le bheith ar scoil ar Aoine an 12ú chun ceardlann eolaíochta a dhéanamh le R6. Tá siad ag cur veain uachtar reoite ar fáil don scoil ar fad ar an lá. Táimid ag moladh go mbeadh sé sin mar treat an lae acu in ionad pé rud a thugann siad isteach de ghnáth.**<br><br>*Employees from Merck are in school on Friday the 12th to run a science workshop for 6th class children. They are also generously providing an icecream van for all children in the school. We suggest that the ice-cream would be in the place of the student's usual Friday treat.*<br><br>• **Céad Chomaoineach** / *First Holy Communion*<br><br>**Comhghairdeas leis an ochtó páiste i Rang a Dó atá ag fáil a gCéad Chomaoineach @11:00 ar Satharn an 20ú Bealtaine i Seipéal an Holy Rosary i Mainistir na Corann. Guímíd gach rath orthu agus a gclainne ar an lá. Míle buíochas leis na múinteoirí ranga, Danielle, Méabh agus Clár a d'ullmhaigh iad don ócáid.**<br><br>*Congratulations to the 80 children in 2nd class who will receive their First Holy Communion on Saturday the 20th @11:00 pm in the Church of the Most Holy Rosary. We wish them and their families well on the day. Many thanks to múinteoirí Danielle, Méabh and Clár who prepared them for the occasion.*<br><br>**Thug an Monsignor Gould cuireadh dos na páistí ag fáilt a gCéad Chomaoineach agus a gclainne teacht ar aifreann ar Domhnach an 7ú Bealtaine roimh an searmanas oifigiúil ar an 20ú lá.**<br><br>*Monsignor Gould has invited all children receiving their First Holy Communion and their families to attend mass on Sunday the 7th of May @12:00 before the official ceremony on the 20th.*<br><br>• **Erasmus Plus**<br><br>**Bhí an creidiúniú Erasmus Plus bronnta ar Ghaelscoil Mhainistir na Corann anuraidh. Is clár Aontas Eorpach é seo ag díriú isteach ar oideachas, traenáil, óige agus spórt ag feidhmiú ó 2021 - 2027. Níos mó eolais ar fáil anseo. Bhí an céad ghrúpa de sheisear múinteoir san Iodáil theas le linn briseadh na Cásca. Bhaineadar an-taitneamh agus tairbhe as. Beidh an chéád grúpa eile ag dul go dtí an Spáinn i mí an Mheithimh.**<br><br>Gaelscoil Mhainistir na Corann received Erasus plus accreditation last year. Erasmus+ is the European Union programme for education, training, youth and sport, running from 2021 to 2027. Click the following link for more information Erasmus Plus. *The first group of teachers were in the south of Italy during the Easter break. They enjoyed their experience and found it very beneficial. The next group of teachers will go to Spain in June.*<br><br>• **Saotharlann buanbeatha** / *Lifetime Lab*<br><br>**Tá R4 le bheith ag freatal ar an saotharlann buanbeatha ar laethanta éagsúla le linn mí Bealtaine & Meitheamh. Beidh siad ann don lá.**<br><br>*The three Fourth classes are attending the Lifetime Lab for the entire school day on different dates throughout May and June.* |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile** / Other notes | • **Turasanna Scoile R3 - R5 /** *3rd- 5th class School Tours*<br><br>**Tá turasanna scoile R3 - R5 ag tarlú i ndeireadh mí Bealtaine. Beidh cabhair tuistí á lorg ar son feitheoireachta le linn na dturas seo. Beidh na múinteoirí i dteagmháil libh faoi seo níos giorra dos na turais. Tá córas íocaíochta na dturas ar fáil ar Aladdin trí E payments. Seolfaidh na múinteoirí ranga nóta níos cuimsithí amach faoi amanta fágála agus teacht abhaile níos giorra don am.**<br><br>*3rd to 5th class School Tours are occuring at the end of May. Parental assistance will be required for supervision purposes during these tours. The class teachers will be in touch closer to the school tour dates. The payment system for the tours is available through Aladdin E payments. Class teachers will send out a more detailed note on departure & return times closer to the time.*<br><br>• **Scéim Leabhar Saor in Aisce /** *Free Book Scheme*<br><br>**Mar is eol daoibh, tá scéim leabhar scoile saor in aisce bunaithe ag an Roinn Oideachais. Tá €96 á gcur ar fáil ar son gach linbh. Cludaíonn sé seo costas téacs leabhair, leabhair oibre agus cóipleabhair. Beidh costas ábhar ealaíne & ceardaíochta & fotachóipeála fós á lorg ag scoileanna i dteannta le costas árachais 24 uair a chloig. Ní bheidh an íocaíocht deiridh ar son na rudaí seo á lorg go deireadh mí Lúnasa. Beidh ar chlainne costas pinn luaidhe, pinn srl fós a íoc.**<br><br>*As you are aware, the Department of Education introduced the Free Schoolbook Scheme this year. €96 is being provided for each child. This scheme covers the cost of textbooks, workbooks and copybooks. It does not cover the cost of arts, crafts and photocopying. The school will still require payment for these and for 24 hour insurance cover. Final payment for these will not be sought until the end of August. Families must still cover the cost of pencils, biros etc.*<br><br>***An mhí seo táimid ag díriú isteach ar an luach de COTHROMAÍOCHT***<br><br>*- This month we are focusing on the value of* ***EQUALITY***<br><br>***Cairde le Chéile ag Foghlaim!***<br><br>*Áine agus foireann na scoile* |
| **Nuacht Cairde /** *News from Cairde* | • **Cruinniú Cairde sa halla ar an 08.05.2023 @ 7:30 /**<br>*Cairde meeting held in the halla on the* 08.05.2023 @ 7:30<br><br>**Míle buíochas le Cairde as ucht /** *Thank you to Cairde for the following:*<br><br>• **Íoc as busanna d'ócáidí éagsúla** *Providing part payment for various buses*<br><br>• **Cóisir Píotsa a chur ar fáil do R6 tar éis na n-óráidí** *Providing a pizza party for the 6th class children after the oration competition*<br><br>• **Cóisir Céad Chomaoineach ar Luan an 22ú** *Providing a party for the 2nd class children to celebrate their First Holy Communioni* |
| **Bord Bainistíochta /** Board of Management | • **Tá Miontuairiscí Aontaithe ó chruinnithe an Bhoird Bainistíochta ar fáil ar shuíomh ghreásáin na scoile anois ag tosnú leis an scoilbhliain 2022/23 insan rannóg darbh ainm Ár Scoil**<br><br>*Agreed minutes from the Board of Management meetings are now available on the school website, in the Our School section, commencing with the school year 2022/23.*<br><br>• **Is mian leis an mBord Bainistíochta comhbhrón a ghábhail le Alan, an airíochóir scoile, ar bhás a athair, Derek, an Aoine seo caite. Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.** |

| | |
|---|---|
| | *The Bord would like to express their deepest sympathies to Alan, the school caretaker, and his family on the unexpected death of his father, Derek, on Friday last. May he rest in peace.* |